

Uisce



Is é an t-uisce an leacht is tábhachtaí
ar domhan. Ní bheadh ainmhithe ná plandaí in
ann maireachtáil gan uisce.

# Tá 71% de dhromchla an domhain faoi uisce.







Sáile is ea an t-uisce sna farraigí. Ní féidir sáile a ól.

Fíoruisce is ea timpeall 3% den uisce ar domhan.


Tá cuid den fhíoruisce sin ag an bPol Thuaidh agus ag an bPol Theas i bhfoirm oighir. Tá cuid eile de faoin talamh. Fágann sé sin nach bhfuil ach timpeall 1% den fhíoruisce ar fáil do dhaoine le húsáid.





Ní rithimid as fíoruisce mar go mbíonn uisce an domhain á athchúrsáil an t-am ar fad. **Timthriall an uisce** a thugtar ar an athchúrsáil sin.
Conas nach rithimid as fíoruisce, mar sin?



Seo a leanas
na céimeanna
a bhaineann le
timthriall an uisce.


Céim 1
Éiríonn an ghal
in airde.
Athraíonn cuid den uisce ina ghal.
**Galú** a thugtar air sin.
Téann an ghrian uisce na farraige,
na n-aibhneacha agus na lochanna.


## Céim 2



Bíonn an t-aer atá in airde níos fuaire ná an ghal. Éiríonn an ghal níos fuaire, mar sin, agus athraíonn sí ina braonta bídeacha uisce. Tagann na braonta sin le chéile ina scamaill. **Comhdhlúthú** a thugtar air sin.


Céim 3
Nuair a éiríonn na scamaill róthrom,
titeann na braonta uisce go talamh arís.
**Báisteach, sneachta, flichshneachta**
nó **clocha sneachta** a bhíonn sna braonta sin.


Céim 4
Téann cuid mhór den uisce sin ar ais san fharraige, sna haibhneacha agus sna lochanna arís.




Tugtar **timthriall an uisce** ar ghluaiseacht seo an uisce mar gur próiseas leanúnach é. Téann an t-uisce timpeall arís agus arís eile.



Téann uisce chuig do theach i bpíopaí uisce atá faoi thalamh. Déantar an t-uisce a ghlanadh sula gcuirtear chuig na tithe é, áfach.
Conas a shroicheann an t-uisce sin na sconnaí i mo theachsa, mar sin?

# An Soláthar Uisce



**Bailítear an t-uisce i dtaiscumar.**

**Glantar an t-uisce agus cuirtear i bpíopaí uisce chuig na tithe é.**



**An t-uisce salach ó na leithris agus na doirtil sna tithe, cuirtear chuig an ionad cóireála é.**



**Glantar an t-uisce san ionad cóireála.**

**Cuirtear an t-uisce glan ar ais sa soláthar uisce arís.**



Ní bhíonn uisce reatha
sna tithe i ngach áit
ar domhan, áfach. Bíonn
ar dhaoine uisce a tharraingt
as tobair i gcuid mhór áiteanna
ar domhan.

Féach sa ghrianghraf thuas
mná san India agus iad ag
fáil uisce as tobar.
Cuireann siad an t-uisce
i bprócaí agus iompraíonn
siad na prócaí abhaile
ar a gcloigeann.





# Uaireanta déantar uisce a thruailliú.

Is é is truailliú
uisce ann ná dochar
a dhéanamh d’uisce.
Is féidir uisce
a thruailliú
ar go leor bealaí.



Cad atá i gceist
le truailliú uisce?





Uaireanta cuirtear an dramhaíl ó mhonarchana agus ó thithe go díreach isteach in aibhneacha agus i lochanna gan é a ghlanadh.

Ón talamh a thagann cuid den truailliú. Cuireann cuid mhór feirmeoirí ceimiceáin ar a gcuid talún. Téann na ceimiceáin sin isteach sna haibhneacha agus sna lochanna nuair a thiteann báisteach throm.



Níl ach méid áirithe fíoruisce ar an bpláinéad.
Chomh maith leis sin, tá méadú
ag teacht ar dhaonra
an domhain i gcónaí.



Ba cheart dúinn tréaniarracht
a dhéanamh uisce a chaomhnú,
mar sin, lena dhéanamh cinnte
go mbeidh go leor uisce ar fáil
do phobal an domhain sna blianta
atá amach romhainn.

Smaoinigh ar
bhealaí chun
gearradh siar
ar an méid uisce
a úsáideann tú
gach lá.



Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

- Ná fág an sconna ar siúl agus tú ag ní do chuid fiacla nó do lámha.



- Glac cith seachas folcadh a bheith agat.



- Gearr siar ar an méid ama a chaitheann tú sa chith.


- Líon crúiscín le huisce agus cuir sa chuisneoir é. Más uisce fuar atá uait, ól ón gcrúiscín é in áit an sconna a chur ar siúl.







An cuimhin leat
na céimeanna
i dtimthriall an uisce?


Báisteach
Comhdhlúthú
Galú
Téann an
t-uisce ar ais san
fharraige.

# Fíor nó Bréagach?

| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Bíonn uisce an domhain á athchúrsáil an t-am ar fad. | ✓ | |
| Fíoruisce is ea timpeall 97% den uisce ar domhan. | | ✓ |
| Uaireanta cuirtear an dramhaíl ó mhonarchana go díreach isteach in aibhneacha agus i lochanna. | ✓ | |
| Ní bheadh ainmhithe ná plandaí in ann maireachtáil gan uisce. | ✓ | |
| Athraíonn uisce ina ghal nuair a éiríonn sé níos fuaire. | | ✓ |
| Is fearr folcadh a bheith agat ná cith a ghlacadh má tá tú ag iarraidh uisce a chaomhnú. | | ✓ |
| ‘Galú’ a thugtar air nuair a athraíonn uisce ina ghal. | ✓ | |

# Cluiche Meaitseála

http://www.oswego.org/ocsd-web/match/term/matchgeneric2.asp?filename=MniGhalluisce

Tuilleadh eolais:

http://www.somethingfishy.ie/childirish/ceacht1/ceacht1index.htm

http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/3rd-+-4th-class/science/environment/water/

http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/eureka-8-19.pdf

Is féidir cluiche faoi chaomhnú uisce a imirt
ar an suíomh seo:
http://www3.epa.gov/watersense/quiz/game_kids.html

**Gabhaimid buíochas leis na daoine agus leis na heagraíochtaí a leanas a chuir íomhánna ar fáil do na sleamhnáin seo:**
JAISALMER,INDIA - November 9,2014 : Unidentified women draw water form the well and take it to their home in rural ares of Jaisalmer,India.
Yavuz Sariyildiz / Shutterstock.com
THAR DESERT, INDIA - APRIL 01:Indian women drawing water from a well on the Thar desert in Rajasthan, Thar desert in April 01, 2010
Rafal Cichawa / Shutterstock.com
MANGONUE, NZ - OCT 05: Worker sprays plants in city garden. New Zealand is among the countries experiencing a rapid rise in bed bug infestations.
ChameleonsEye / Shutterstock.com

**Íomhánna eile:** Shutterstock

Rinneadh gach iarracht teacht ar úinéir an chóipchirt i gcás na n-íomhánna atá ar na sleamhnáin seo. Má rinneadh faillí ar aon bhealach ó thaobh cóipchirt de ba cheart d'úinéir an chóipchirt teagmhála dhéanamh leis na foilsitheoirí. Beidh na foilsitheoirí lántoilteanach socruithe cuí a dhéanamh leis.

© Foras na Gaeilge, 2016
An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

An Gúm